II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/1436 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 25 Lúnasa 2022

## maidir le Ceann Misin a cheapadh ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh (CBES) 2019/2110, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 17 Nollaig 2019, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2019/2189 ([2]), lena gceaptar Paulo SOARES mar Cheann Misin EUAM RCA ón 9 Nollaig 2019 go dtí an 8 Nollaig 2020.

(3) An 24 Samhain 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/1774 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Paulo SOARES mar Cheann Misin EUAM RCA ón 9 Nollaig 2020 go dtí an 8 Nollaig 2021.

(4) An 25 Samhain 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/2099 ([4]) lena gcuirtear síneadh le sainordú Paulo SOARES mar Cheann Misin EUAM RCA ón 9 Nollaig 2021 go dtí an 8 Lúnasa 2022.

(5) An 28 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1333 ([5]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 9 Lúnasa 2024.

(6) An 8 Lúnasa 2022, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála José Manuel MARQUES DIAS a cheapadh mar Cheann Misin EUAM RCA ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023,

([1]) IO L 318, 10.12.2019, lch. 141.

([2]) Cinneadh (CBES) 2019/2189 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 17 Nollaig 2019 maidir le Ceann Misin a cheapadh ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2019) (IO L 330, 20.12.2019, lch. 51).

([3]) Cinneadh (CBES) 2020/1774 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 24 Samhain 2020 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2020) (IO L 398, 27.11.2020, lch. 22).

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/2099 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Samhain 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2021) (IO L 428, 30.11.2021, lch. 1).

([5]) Cinneadh (CBES) 2022/1333 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 201, 1.8.2022, lch. 25).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar José Manuel MARQUES DIAS ina Cheann Misin ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Lúnasa 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*